



Preas agus Eolas

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
PREASEISIÚINT Uimh. 33/22
Lucsamburg, an 22 Feabhra 2022

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCásanna uamtha C-14/21 agus C-15/21
Sea Watch

Dar leis an Abhcóide Ginearálta Rantos, is féidir le longa príobháideacha a théann i mbun gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála ar muir go rialta a bheith faoi réir cigireacht ar chomhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta ag Stát an chalafoirt

De bhun dhlí an Aontais, is féidir le Stát an chalafoirt bearta coinneála a ghlacadh i gcás go gcruthaítear leis na neamhrialtachtaí a thugtar faoi deara baol soiléir don tsábháilteacht, don tsláinte nó don chomhshaol

Is eagraíocht dhaonnúil neamhbhrabúsach é Sea Watch a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBeirlín (an Ghearmáin). Tá sé mar chuspóir aige, go háirithe, gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála a dhéanamh ar muir, agus téann sé i mbun na ngníomhaíochtaí sin in uiscí idirnáisiúnta na Meánmhara, ag baint úsáid as longa ar leis iad agus atá á n-oibriú aige chomh maith. Áirítear i measc na long sin, Sea Watch 3 agus Sea Watch 4, a bhfuil bratach na Gearmáine ar foluain acu agus a deimhníodh mar “lastlonga ginearálta – ilchuspóireacha”. (13) Le linn shamhradh na bliana 2020, i ndiaidh oibríochtaí tarrthála a dhéanamh agus na daoine tarrtháilte ar muir a chur i dtír i gcalafoirt Palermo (an Iodáil) agus Porto Empedocle (an Iodáil), cuireadh na longa lena mbaineann faoi chigireacht níos mionsonraithe ar bord ag Oifigí Máistir chalafoirt an dá chathair sin (14), ar an bhforas go raibh siad i mbun gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála ar muir cé nach raibh siad deimhnithe le haghaidh na seirbhíse sin agus gur iompraíodh líon i bhfad níos mó daoine ná an líon dá raibh siad aicmithe. (15) Nochtadh roinnt easnamh teicniúil agus oibríochtúil leis an gcigireacht, a measadh gur cruthaíodh le roinnt dóibh sin baol soiléir don tsábháilteacht, don tsláinte nó don chomhshaol, rud a thug ar Oifigí Máistir an dá chalafoirt coinneáil na long thuasluaite a ordú (16).

Ina dhiaidh coinneáil na long, thaisc Sea Watch dhá chaighean os comhair an Tribunale amministrativo regionale per la Sicilia (Cúirt Réigiúnach Riaracháin, an tSicil) ag iarraidh go ndéanfaí na fógraí coinneála agus na tuarascálacha cigireachta roimh na fógraí sin a neamhniú. I dtacaíocht lena chaingne, mhaígh Sea Watch, go bunúsach, go ndeachaigh na hOifigí Máistir a d’eisigh na bearta sin thar na cumhachtaí a tugadh do Stát an chalafoirt faoi Threoir 2009/16,¹ agus í á léirmhíniú i bhfianaise dhlí idirnáisiúnta an ghnáis agus an dlí idirnáisiúnta choinbhinsiúnaigh is infheidhme. (17)

Mar thoradh air sin, tharchuir an Tribunale amministrativo regionale per la Sicilia ceisteanna chun na Cúirte Breithiúnais i gcomhair réamhrialú (19), d’fhonn a fháil amach an bhfuil feidhm ag Treoir 2009/16 maidir leis na longa lena mbaineann ach freisin d’fhonn na coinníollacha agus raon feidhme cumhachtaí maidir le rialú Stát an chalafoirt a shoiléiriú, chomh maith leis na coinníollacha chun long a choinneáil. (18)

Ina Thuairim a thugtar inniu, measann an tAbhcóide Ginearálta Rantos go bhfuil feidhm ag Treoir 2009/16 maidir le longa, amhail na longa lena mbaineann, ar longa iad a théann i mbun gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála ar muir, cé gur cláraíodh iad mar “lastlonga ilchuspóireacha”. (26) Go deimhin, tá feidhm ag Treoir 2009/16 maidir le gach long agus lena criú a thagann isteach i gcalafoirt nó ancaireacht de chuid Ballstáit chun dul i mbun gníomhaíochtaí comhéadain loinge agus calafoirt (27). Eisítear ó raon feidhme na Treorach sin, i measc na long a

¹ Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009, maidir le Rialú Stát an Chalafoirt (IO 2009, L 131, Ich. 57), mar a leasaíodh.

oibrítear chun críoch neamhthráchtála, catagóirí an-sainiúil amháin (28) de longa, a raibh fonn ar an reachtóir an eisceacht a theorannú dóibh.² (32)

Dar leis, deimhnítear an ráiteas sin le cuspóirí **Threoir 2009/16**, atá chun **cur le laghdú radacach ar mhuirompar a dhéantar le longa nach gcomhlíonann na caighdeáin** agus atá ag loingseoireacht in uiscí atá faoi dhlínse na mBallstát, go háirithe, d'fhonn **sábháilteacht, cosc ar thruailliú agus dálaí maireachtála agus oibre ar bord loinge a fheabhsú**. (33)

Maidir leis na **coinníollacha a thugann údar le cigireacht bhreise ag Stát an chalafoirt**, measann an tAbhcóide Ginearálta go bhfuil sé soiléir **go bhféadfadh long a iompraíonn, go córasach, líon níos mó daoine** ná an t-uaslíon daoine is féidir a iompar de réir a deimhnithe a bheith ina contúirt, i gcúinsí áirithe, do dhaoine, do mhaoín nó don chomhshaol. D'fhéadfadh imthosc den sórt sin, i bprionsabal, a bheith ina **“thoisc gan choinne”** agus **bonn cirt a thabhairt do “chigireacht bhreise”** de réir bhrí Threoir 2009/16.³ (43) **Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé, áfach, fíorú bunaithe ar fhíricí a dhéanamh, de réir an cháis**, nach féidir a theorannú d'aitheantas foirmiúil den difríocht idir líon na ndaoine a iompraítear agus líon na ndaoine a údaraítear a iompar, seachas sin, caitear measúnú sonrach a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le hiompar den chineál sin (44), agus **an oibleagáid um tharrtháil ar muir** dá bhforáiltear le dlí farraige an ghnáis á cur san áireamh.⁴ (45)

Maidir le **raon feidhme rialú Stát an chalafoirt**, meabhraíonn an tAbhcóide Ginearálta dó **go ndéantar cigireacht bhreise sa chás, tar éis cigireacht tosaigh a dhéanamh, go bhfuil “forais fhollasacha” ann chun a chreidiúint nach bhfuil riocht na loinge i gcomhréir le ceanglais coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha**. (50) Sa chás idir lámha, an “foras follasach” a bhí ann ná gur thángthas ar neamhrialtachtaí le linn scrúdú na ndeimhnithe agus doiciméad eile ar bord. (51) Níl rialú mar sin teoranta do ceanglais fhoirmiúla amháin a leagtar síos sna deimhnithe a bhaineann le haicmiú na loinge, ach baineann sé níos mó le comhlíonadh na rialacha uile is infheidhme a eascraíonn as na coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht, cosc ar thruailliú agus dálaí maireachtála agus oibre ar bord loinge, agus ag cur san áireamh riocht iarbhrí na loinge agus a trealamh agus na gníomhaíochtaí a dhéanann sí i ndáiríre (53) agus na gníomhaíochtaí dá bhfuil sí aicmithe. (56) Cuireann an tAbhcóide Ginearálta i dtreis, agus é ag sonrú nach bhfuil go fóill, sa lá atá inniu ann, i ndlí an Aontais ná sa dlí idirnáisiúnta, aicmiú le haghaidh longa a théann i mbun gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála ar muir, go bhféadfadh an imthosc nach n-oibrítear an long i gcomhréir lena deimhnithe a bheith mar shárú ar na ceanglais maidir le nósanna imeachta oibríochta ar bord na loinge sin agus sin a bheith mar bhaol, go háirithe, do dhaoine, do mhaoín nó don chomhshaol (54-55).

Dá bharr sin, tagann an tAbhcóide Ginearálta ar an gconclúid, ina leith sin, gur féidir le Stát an chalafoirt a áirithiú go gcomhlíonfar na coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le sábháilteacht mhuirí, slándáil mhuirí, cosaint na muirthimpeallachta agus dálaí maireachtála agus oibre ar bord loinge, agus na gníomhaíochtaí a dhéanann an long i ndáiríre á gcur san áireamh, ar choinníoll nach gcuireann rialú den sórt sin isteach ar inniúlacht an Bhratstáit maidir le haicmiú na loinge, ná ar chomhlíonadh na hoibleagáide um tharrtháil ar muir. (61) **Ní fhágann an fíoras lom go mbíonn long i mbun gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála ar muir go córasach go ndéantar an long sin a dhíolmhú ó na ceanglais is infheidhme ina leith de bhun an dlí idirnáisiúnta nó de bhun dhlí an Aontais a chomhlíonadh**

² Eadhon, longa na n-údarás poiblí a úsáidtear chun críoch neamhthráchtála agus árthaí áineasa a úsáidtear chun críoch neamhthráchtála (Airteagal 3(4) de Threoir 2009/16).

³ I dtéarmaí phointe 2B de Chuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le hAirteagal 11 de Threoir 2009/16, ní chuirtear longa faoi réir cigireacht bhreise, ó Stát an chalafoirt, ach i gcás láithreacha “tosca príomhúla” ná “tosca gan choinne” a leagtar amach go cuimsitheach. I measc na dtosca gan choinne tá “longa a oibríodh ar shlí ina gcuirtear daoine, maoín nó an comhshaol i mbaoil”.

⁴ Leagtar amach an oibleagáid um tharrtháil ar muir, atá ar mháistir na loinge de bhun dlí idirnáisiúnta an ghnáis, go háirithe, in Airteagal 98 den Choinbhinsiún maidir le Dlí na Farraige. Sonraítear an méid seo a leanas i mír 1 den fhoráil, dar teideal “Oibleagáid chun cúnamh a thabhairt” [aistriúchán neamhoifigiúil]: “Éilíonn gach Stát ar mháistir loinge ar a bhfuil a bhrat ar foluain, a mhéid is féidir leis gan rioscaí tromchúiseacha a chruthú don long, dá criú nó dá paisinéirí: a) cúnamh a sholáthar d'aon duine atá i mbaoil ar farraige; (b) dul chomh tapa agus is féidir chun cúnamh a thabhairt do dhaoine in anacair má chuirtear in iúl dó go bhfuil cúnamh ag teastáil uathu, a mhéid is féidir a bheith ag súil leis, go réasúnta, go ndéanfaidh sé amhlaidh [...]”.

agus ní chuirtear bac leis sin ar an long sin a bheith faoi réir bearta coinneála de bhun Airteagal 19 den Treoir sin i gcás ina sáraíonn sí na rialacha sin. (62)

NÓTA: Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ceangailteach ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tá sé de chúram ar na hAbhcóidí Ghinearálta réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt, go hiomlán neamhspleách, ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu. Tá Breithiúna na Cúirte anois ag cur tús lena bpléití sa chás seo. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an breithiúnas sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) na Tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355